CATHAIR DÓNALL PLEAN CEANTAR ÁITIÚIL

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Suíomh

Sráidbhaile beag taitneamhach ar an gcósta is ea Cathair Dónall, é suite ar an N70 ar Leithinis Uíbh Ráthaigh thart ar 13cm soir ó dheas ón gCoireán is 20cm siar ón tSnaidhm. Níl an sráidbhaile fiú 3cm ó Bhá Dhoire Fhionáin ná ó Thigh Dhoire Fhionáin thiar a bhíodh ag Dónall Ó Conaill. Tá Cathair Dónall suite laistigh de Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh.



Fíor 1.1 Láthair lonnaíocht Chathair Dónaill

1.2 Daonra

Níl figiúirí daonra ar fáil do shrádbhaile Chathair Dónaill féin. Tá sé laistigh de Thoghcheantar Chathair Dónaill. Idir 2006 agus 2011 tháinig laghdú ar dhaonra an Toghcheantair ó 348 go 312, sin laghdú 10%. Don tréimhse céanna mhéadaigh daonra an Toghcheantair in aice leis Doire Fhíonáin ó 170 go 189. Sin méadú 10%.

1.3 Feidhmeanna agus Áiseanna

Ionad turasóireachta go príomha is ea Cathair Dónall is é suite gar do Dhoire Fhionáin ar an Mór-Chuaird. Tá réimse seirbhísí ar fáil sa tsráidbhaile don dúthaigh máguaird.

Sa tsráidbhaile féin tá ionad pobail, scoil náisiúnta, Séipéal Caitliceach, dhá thigh tábhairne (ceann díobh ina bhialann leis) agus bialann. Tá clubtheach agus faichí imeartha le CLG Doire Fhionáin lasmuigh den teorainn fhobraíochta ó dheas.

1.4 Bonneagar

Tá soláthar uisce poiblí sa tsráidbhaile ach níl an an bonneagar fuíolluisce sásúil mar atá faoi láthair. Tá pleananna ann áfach d'fhearas nua cóireála fuíolluisce is réamhthuairisc don chóras nua i bhfeidhm cheana féin. Ní dócha go dtógfar é seo le linn tréimhse an phlean seo.

1.5 Struchtúr Uirbeach

Ar dtús bunaíodh Cathair Dónall mar sráidbhaile ar bhóthar Dhoire Fhionáin siar ón N70. Tháinig forbairt air ina dhiadh sin thart ar an gcrosbhóthar atá ina lár. Tá an tsráid fhéin suite ar bhóthar Dhoire Fhionáin. Thairis an méid sin níl aon dreach ceart sráide le feiscint; tá sraith tithe aonar gan aon líne cinnte tógala agus gáirdíní in áiteanna os a gcomhair. Cuireann mothair mhóra crann ar fud na háite le carachtar na lonnaíochta.
D'fhéadfaí an dreach sráide úd a fhorbairt i dtreo struchtúr uirbeach a fheabhsú agus lárionad a chinntiú. Tá éagsúlacht ann maidir le saghsanna is airde na bhfoirgneamh. Forbairt tithíochta amháin atá éagsúil seachas na seanstruchtúir is ea eastát mór ina chloigín ó thuaidh ón sráidbhaile mar a bhfuil an dearadh rialta.

1.6 Struchtúr Uirbeach & Seandálaíochta

Ainmníodh Cathair Dónall ón gcathair (dún) den ainm céanna atá in aice láimhe. Struchtúr Cosanta Taifeadta amháin atá laistigh den teorainn fhorbartha: Séipéal Caitliceach Naomh Criomhthainn (tag. 21310604)

Meastar buanna tábhachtacha ailtireachta is oidhreachta a bheith ag an ndreach theas sráide ó ghabhal an N70 go geata an tséipéil Naomh Criomhthainn is go mba chóir an stráice sin a chur síos mar Limistéar molta Caomhnaithe Ailtireachta (ACA). Níl aon Séadchomhartha Taifeadta laistigh den teorainn mholta forbraíochta.

1.7 Timpeallacht nádúrtha agus Conláistí

Tá an sráidbhaile suite go taitneamhach ar an gcósta mar a bhfuil radharc álainn fairsing ar mhuir is ar shléibhte. Tá Abhainn Cúm na hEorna i lár an tsráidbhaile. Tá ceantar mór thoir is theas ón sráidbhaile maraon le stráice beag laistigh den teorainn mholta forbraíochta ainmnithe mar Chonláiste Soisialta Tánaisteach i bPlean Forbartha Chontae Chiarraí 2009-15. Thart ar chiliméadar amháin siar o dheas tá SAC An Ribhéar agus SPA Leithinis Uibh Ráthaigh. Tá stádas brat gorm ag trá Doire Fhionáin in aice láimhe agus bíonn scata maith turasóirí ag triall ansiúd go háirithe i rith an tsamhraidh.

Gné cosanta is ea an dobharchú sa tsuíomh seo Natura 2000 agus an cuma air go ngluaiseann siad ón SAC thar an sráidbhaile trí abhainn Coomnahorna. Caithfear aon fhorbairt mholta, droichead san áireamh, a dhearadh is a oibriú chun nach gcuirfear isteach ar an líon dobharchon sa cheantar.

Tá roinnt gnéithe bradaigh go fluirseach sa tsráidbhaile, orthusan tá an Ghlúineach Bhiorach, Biabhóg Mhór, *Buddleja* agus an Róslabhras. Toisc nach plandaí dúchasacha iad siúd cuireann siad isteach ar an mbithéagsúlacht. Ní bhíonn aon chuma nádúrtha orthu is iad ag leathnú go tiubh ar thaobh an bhóthair, ar thalamh gan saothrú is ar uiscebhealaigh. Scaipeann siad go tapaidh ná níl sé éasca iad a mharú agus iad bunaithe. Tá sé ríthábhachtach dá bhrí sin gan ithir mar a mbíonn riosóim, scoithigh tar éis fál a ghearradh nó slisíní eile a bhogadh ó áit go háit.

Toisc na plandaí úd a bheith ag fás go tiubh sa lonnaíocht caithfidh aon mholadh forbraíochta, más cuí, scéim oiriúnach chun fáil réidh leo/iad a smachtú a sheoladh isteach lena cheadú roimh ré ag an Údarás Pleanála.

1.8 Trácht idir Fheithiclí agus Coisithe

Is é an Bóthar Tánaisteach N70 atá mar chuid den Mhór-Chuaird agus é ar na bóithre is mó trácht sa Chontae a théann trí Chathair Dónall anso. Tá cora ar na bóithre isteach agus laistigh den sráidbhaile, rud a cheansaíonn an trácht.
Bíonn sé gnóthach go leor ó thaobh gluaiseacht tráchta de le linn biaiste na dturasóirí agus toisc gur áit iargúlta í seo, ní bhíonn le feiscint i rith an gheimhridh go príomha ach muintir na háite.

1.9 Gaeltacht Uíbh Ráthaigh

Tá Cathair Dónall suite laistigh de cheantar Gaeltachta is dá bhrí sin tá fíorthábhacht ag baint leis na nGaeilge a caomhnú is a cur chun cinn chun go bhforbrófar an áit. Meastar go mba chóir an coláiste Gaeilge a athbhunú mar shlí chun fostaíocht is ioncaim a tharraingt isteach i gceantar mar a bhfuil gá leo.

1.10 Fás agus Forbairtí Cónaithe

Tá líon suntasach forbairtí cónaithe i gcomharsanacht an tsráidbhaile le deich mbliana anuas, go háirithe siar ón sráidbhaile feadh an N70 agus idir é is Bá Dhoire Fhionáin. Tharla forbairt freisin feadh an N70 ó thuaidh is soir ó dheas agus in áiteanna ar Leithinis Cheann an Uain ó dheas ón sráidbhaile.
Tógadh tithe ar thaobh na farraige ón N70 agus feadh an bhóthair go Doire Fhionáin. Is é is dóichí ná gur tithe saoire iad siúd. Críochnaíodh cúpla tigh aonar buanchónaithe le linn na tréimhse céanna. Tógadh i bhfad níos mó tithe saoire le blianta beaga anuas ná tithe a beartaíodh le haghaidh buanchónaithe amháin.

I gcaitheamh na mblianta tógadh an-chuid tithe feadh na bóithre isteach is iad siúd ar an dtaobh thuaidh nó taobh na talún don chuid is mó. Caithfidh aon fhorbairt nua chónaithe cloí leis na polasaithe atá sa Phlean Forbartha Contae maidir le lonnaíochtaí faoin dtuath.

Tá roinnt tithe saoire sa tsráidbhaile is sa dúthaigh máguaird. Moltar an talamh in aice na scoile a ainmniú mar "Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire". Meastar áis éigin spórt agus fóillíochta a bheith oiriúnach anso mar a mbeadh gníomhaíochtaí allamuigh ar bun. D'fhéadfadh turasóirí agus an scoil araon leas a bhaint astu. Bheadh an suíomh úd oiriúnach do bhrú cuairteoirí freisin.

2.0 STRAITÉIS FHORBARTHA

Go bunúsach forbraíodh sráidbhaile Chathair Dónaill thart ar Shéipéal Caitliceach Naomh Criomhthainn agus is ann atá croílár an tsráidbhaile go fóill. Lasmuigh den lárionad úd is tithe aonair atá ann. Níl puinn slí ann don bhfobraíocht mar gheall ar an radharcra thart timpeall agus gnéithe fhisiciúla mar fhreagairt ar charraigreacha agus fánaí géara. Bheadh an spás triantánach ag gabhal an N70 agus bóthar Chúm na hEorna maraon le stráice soir ó dheas os comhair an bhóthair úd ríthabhachtach chun croílár an tsráidbhaile a leathnú. Tá seans ann freisin ar stráice os comhair an N70 maraon le mianach mar fhorbairt líonta isteach i gcás dreacha sráide.

Is í an straitéis fhorbartha atá ann do Chathair Dónall na Cathair Dónall a chur chun cinn de réir a chéile ar bhonn orgánach mar shráidbhaile tuaithe is ionad turasóireachta ar aon dul leis an mbonneagar atá ar fáil. Is san earnáil tithe saoire a bhí aon fhás a tharla le blianta beaga anuas.
Tá an sráidbhaile suite laistigh de cheantar Gaeltachta agus níor chóir ligint d'aon fhorbairt a chuirfeadh isteach ar chur chun cinn na Gaeilge.

Is í seo straitéis fhorbartha an tsráidbhaile:

- A chinntiú go dtacaíonn aon fhorbairt a tharlaíonn sa todhchaí le ról agus le feidhm an tsráidbhaile mar lárionad don cheantar tuaithe máguaird agus go dtógtar ceann de scála na lonnaíochta mar atá is í suite i dtírdhreach taitneamhach faoin dtuath.
- Go mbeidh an fhorbairt i gcás áitreabh cónaithe laistigh den sráidbhaile ag freastal ar riachtanais an phobail aitiúla ar mhian leo buanchónaí a dhéanamh sa cheantar.
- Gnó tráchtála/miondíola chun freastal ar mhuintir na háite a chur chun cinn.
- Níor chóir d'aon fhorbairt mholta ligint do ghnéithe bradaigh ón dtaobh amuigh mar an Ghlúineach Bhiorach a bhunú ná a leathnú.

3.0 CUSPÓIRÍ CINNTE

Cuspóir Uimh.	**Gaeltacht Uíbh Ráthaigh** **Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:**
OO-1	An Ghaeilge a caomhnú agus a cur chun cinn.

Cuspóir Uimh.	**Spás Oscailte, Caitheamh Aimsire is Conláistí** **Tá sé mar chuspoir ag an gComhairle:**
AM-1	Talamh a áirithint chun limistéar conláistí agus slí siúlóide a fhorbairt mar a léirítear ar an léarscáil zónála

Cuspóir Uimh.	Áiseanna tráchtála/miondíola Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:
CR-1	Gnó tráchtála/miondíola chun freastal ar mhuintir na háite a chur chun cinn

Cuspóir Uimh.	Timpeallacht Nádúrtha Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:
NE-1	Má aithnítear gnéithe bradaigh ón dtaobh amuigh ar shuíomh nó gar do shuíomh, an Ghlúineach Bhiorach san áireamh (bíonn an chuid den phlanda faoi thalamh suas le seacht méadar ar leithead), d'fhéadfadh an t-údarás pleanála scéim a lorg mar chuid den phróiseas pleanála chun fáil réidh leo/iad a smachtú.
NE-2	Sa chás go measann an chomhairle baol tuilte a bheith i gceist maidir le haon fhorbairt mholta caithfear measúnú tionchar tuilte a chur i gcrích.

Cuspóir Uimh.	Áiseanna Turasóireachta agus Fóillíochta Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:
TL-1	Áiseanna turasóireachta agus fóillíochta a chur chun cinn is iad ag freastal ar chuairteoirí is ar mhuintir na háite araon

Aguisín 1
Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta Cathair Dónall

Réamhrá

Féach an réamhrá do Chathair Saidhbhín ACA p.xxx.

Suíomh agus teorainn an Limistéir Chaomhnaithe

San ACA tá dhá bhloc ar bhóthar Dhoire Fhionáin, ceann amháin ó dheas ar thaobh an N70 (Bloc 1), an ceann eile ó thuaidh agus é thiar ó abhainn Cúm na hEorna (Bloc 2).



Léarscáil 1; Teorainn ACA

Forbairt stairiúil an cheantair

Ainmníodh an sráidbhaile as caiseal a bhíodh ansiúd fadó sa tsaol Réamh-Chríostaí (Cathair Dónall – KE106-06301) is é suite thart ar 750 méadar siar ón sráidbhaile. Forbraíodh Cathair Dónall thart ar an gcrosbhóthar mar a mbuaileann bóthar Dhoire Fhionáin/seanbhóthar An Chomhaid agus an príomhbhóthar thart ar Leithinis Uíbh Ráthaigh lena chéile, sin é an N70 sa lá atá inniu ann.

Learscáil 2; Léarscáil OS Céad Eagrán (1842)



Léarscáil 3; Learscáil OS Dara Eagrán (1897)

Ar an Léarscáil OS Céad Eagrán (Léarscáil Uimh.2) tá leagan amach an tsráidbhaile an-chosúil lena bhfuil le feiscint inniu. Chítear Séipéal Naomh Criomhthainn (a tógadh thiar c1825), foirgneamh eile a luaitear mar thigh scoile soir ón séipéal mar a bhfuil an N70 anois, dhá fhoirgneamh ar an dtaobh theas de bhóthar Dhoire Fhionáin agus ceithre chinn eile níos faide siar ar an dtaobh thuaidh.

Ar an Léarscáil OS Dara Eagrán (Léarscáil Uimh. 3) chítear leagan amach lár an tsráidbhaile is fairsinge na bhfoirgneamh go díreach mar atá inniu ann; ag an am úd bhí an Tigh Scoile soir o thuaidh ón lár agus Íoclann a tugadh ar an dTigh Scoile mar a bhíodh. Tugadh Beairic na Constabláchta ar cheann de na foirgnimh ar an dtaobh thuaidh de Bhóthar Dhoire Fhionáin.
Ó chuid de na grianghrafanna is luaithe atá ar fáil de Chathair Dónall (Grianghrafanna Uimh. 3 & 4), is léir nár tháinig puinn athrú ó shin i leith ar dhornán foirgneamh ar an dtaobh theas de bhóthar Dhoire Fhionáin.

Liosta Struchtúr Cosanta agus Séadchomharthaí Taifeadta
Níl aon struchtúr laistigh den ACA ar an Liosta Struchtúr Cosanta, cé gur Struchtúr Cosanta é Séipéal Naomh Criomhthainn (RPS 21310604) atá díreach ó dheas ón ACA.
Níl aon Séadchomhartha Taifeadta laistigh den ACA molta.

Grianghraf. 1 Bloc 1

Grianghraf. 2 Bloc 2

Grianghraf. 3 Radharc anoir aduaidh 1880-1914

Grianghraf. 4 Radharc aniar aduaidh 1880-1914

Cur síos ar an dTimpeallacht Ailtireachta mar atá faoi Láthair

a) Patrún Sráide
Patrún simplí sráide, d'fhorbair an seanbhaile ar bhonn líneach feadh bóthar Dhoire Fhionáin, gach seans go raibh bac forbartha ar an dtalamh ó thuaidh ó bhóthar Dhoire Fhionáin san áit ba ghaire don N70 toisc an stráice úd a bheith gar don abhainn Coomahorna.

b) *Foirm agus leagan amach spás oscailte idir phoiblí is príobháideach*
Tá suíocháin phoiblí ar spás deas glas ar an dtaobh thuaidh de bhóthar Dhoire Fhionáin. Spás oscailte príobháideach atá ar chúl áitreabh.

c) Feidhmeanna idir shóisialta is eacnamaíoch
Ar na háitribh laistigh den ACA tá tithe cónaithe agus gnóthaí tráchtála.

d) *Cur sios ginearálta ar an gcreatlach foirgníochta*
Laistigh den ACA tá tithe dhá stór is iad rialta go leor, struchtúir trí chuas ar a bhfuil díon pice is ea a bhformhór. (Grianghraf 6)

Grianghraf. 5 Na seanslinnte

Grianghraf. 6 Éadan tí N70

e) *Díonta, mullaí, simléir.*
Don chuid is mó tá na mullaí ar aon airde agus gnáthshimléar scafánta sa lár. In áiteanna chítear fós na seanslinnte téagartha is cumaí difriúla orthu, rud a chuireann le carachtar an ACA ar an iomlán. (Grianghraf 5)

f) *Fallaí.*
Bailchríoch éagsúil atá ar na ceithre fhoirgneamh i mBloc 1, tá an dealramh orthu go raibh plástar orthu ar dtús mar a chítear san grianghrafanna luatha ón mbailiúchán Lawrence (Grianghrafanna 4 &5). Tá plástar mín líneálta ar an dtigh ar an gcúinne mar a bhfuil binn ar aghaidh an N70, maraon le plionta agus clocha cúinne crannaíola. I mbéal dorais tá bailchríoch mhéarógach maraon le rindreáil mín ar éadanchláir is ar bhunsileáin (Grianghraf Uimh. 8) ar aon dul le ceann eile i mBloc 2 (Grianghraf 7). Ar an dtríú thigh tá gné nach bhfuil coitianta sa chuid seo de Chiarraí, slinnte crochta (Grianghraf 9) atá fós áfach i dTigh Doire Fhionáin. Clocha atá mar bhailchríoch ar an dtigh ag a bhun. (Grianghraf 10)

Grianghraf. 7 Leideoga maisithe

Grainghraf. 8 Leideoga maisithe

Grianghraf. 9 Slinnte crochta

Grianghraf. 10 Clocha mar bhailchríoch

g) *Oscailtí*

Is beag athrú a tháinig ar oscailtí thar na blianta. Rud nach léir in áiteanna eile tá mórán fuinneoga saise adhmaid, rud a chuireann go mór le carachtar an ACA ar an iomlán. Gné dúchasach sa charachtar ACA chomh maith is ea ceithre chinn d'fhuinneoga saise sé os cionn sé ar an gcéad fhoirgneamh ar a dtugtar 'Freddies'.

Grianghraf. 11

Grianghraf. 12

h) *Teorainneacha*.
Ta éadan ag na struchtúir ar fad san ACA a osclaíonn go díreach ar an gcosán caol. (Grianghraf.13)

Grianghraf. 13

i) *Earraí Uisce Báistí*.
In áiteanna tá na seanphíopaí iarainn mhunla agus gáitéir fós ann ach cuireadh cinn nua anso is ansiúd ina bpíosaí. Tá teacht aniar iontach san iarann múnla is dá bhrí sin tá ciall leis ó thaobh costais de ach san am gcéanna cuireann sé le dreach oidhreachta na bhfoirgintí.

j) *Radhairc*.
An radharc siar ón N70 (Grianghraf.14)

Grianghraf. 14 Radharc ón N70

Achoimre ar an gCarachtar Speisialta

Is iad seo a leanas príomhghnéithe déanamh na bhfoirgneamh

- Gnéithe traidisiúnta ailtireachta atá fós ann
- Ainmchláir is fógraíocht chúlánta den stíl traidisiúnta a chuireann le carachtar an ACA a chaomhnú.

Gnéithe diúltacha

- Cuireadh athrú gan tuiscint anso is ansiúd ar ghnéithe mar fhuinneoga agus earraí uisce báistí, iad san le chéile baintear den stádas mar limistéar caomhnaithe.

<u>Mar Threoracha forbraíochta laistigh den Limistéar Caomhnaithe, Oibreacha nach gcuireann isteach ar charachtar an ACA (níl gá le cead pleanála) agus oibreacha a chuireann isteachh ar charachtar an limistéir (gá le cead pleanála) féach ACA Chathair Saidhbhín</u>